




Óglaigh  
na hÉireann  
DEFENCE FORCES IRELAND

---



Scéim Óglaigh na hÉireann 2014-2017  
Faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

---



## Réamhfhocal

Fáiltim roimh an deis seo triú Scéim Teanga Óglaigh na hÉireann a sheoladh agus tréaslú lena bhfuil déanta i rith saolré na dara scéime (2010-2013).

Is é cuspóir na triú scéime seo ná, go gcuirfear leis an dul chun cinn atá déanta maidir le seirbhísí a sholáthar don phobal trí mheán na Gaeilge agus go dátheangach agus áird a thabhairt ar cad atá réalaióch 'sna blianta atá romhainn i dtaca lenár n-acmhainn agus lenár gcumas. Le linn saolré na scéime seo, dírófar ar mhéadú a dhéanamh ar an bhfeasacht faoin Ghaeilge agus ar spreagadh a thabhairt i leith úsáid na Gaeilge laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Tugtar gealltanais sa scéim nua chun seirbhísí atá ar fáil go dátheangach a fhorbairt agus a threisiú.

Fáiltim roimh an dúshlán atá romhainn. Léiríonn forálacha na scéime tiomántas Óglaigh na hÉireann maidir le freastal ar riachtainis an phobail inmheanach agus seachtarach araon. Tá sé de dhualgas orainn úsáid na Gaeilge a spreagadh. Molaim do chách glacadh le forálacha na scéime seo agus iad a chomhlíonadh.

Is í an Ghaeilge ár dteanga dhúchais, ní mór dúinn í a úsáid.

---

## Foreword

I welcome this opportunity to launch the Defence Forces' third Irish Language Scheme, and to commend the work that was completed during the lifetime of the second Irish Language Scheme (2010-2013).

The objective of this third Irish Language Scheme is to build on the progress made in providing services to the public through the medium of Irish and bilingually, taking into account what is realistic over the next three years within means and capabilities. During the lifetime of this Irish Language Scheme, the focus will be on increasing Irish language awareness and encouraging the use of Irish within the Defence Forces. This new scheme is further committed to developing and strengthening available bilingual services.

I welcome the challenge that faces us. The provisions of this scheme demonstrate the Defence Forces' determination to meet the internal and external publics' requirements with regard to the Irish language. It is our duty to encourage the use of Irish, and I exhort all members of the Defence Forces to comply with the provisions of the scheme.



**Leifteanantghinearál.  
Ceann Foirne.**





**Scéim Teanga Óglaigh na hÉireann 2014-2017**  
**Faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Óglaigh na hÉireann - Irish Language Scheme 2014-2017**  
**Under Section 15 of the Official Languages Act 2003**



# CLÁR

<b>Caibidil 1</b>	<b>Cúlra</b>	<b>2</b>
1.1	Réamhrá	2
1.2	Athbhreithniú ar oibriú an dara scéim	2
1.3	Cuspóir an tríú scéim	3
1.4	Dáta Tosaithe	3
<b>Caibidil 2</b>	<b>Forléargas ar Óglaigh na hÉireann</b>	<b>4</b>
2.1	Misean	4
2.2	Róil	4
2.3	Óglaigh na hÉireann – feidhmeanna	4
2.4	Custaiméirí	6
2.5	Achoimre ar sheirbhísí dátheangacha	6
2.6	Beartas maidir leis an nGaeilge	7
<b>Caibidil 3</b>	<b>Athbhreithniú ar sheirbhísí Gaeilge agus feabhsúcháin atá beartaithe don tréimhse 2014-2017</b>	<b>9</b>
3.1	Pointí teagmhála leis an bpobal	9
3.2	Na modhanna ina scaiptear faisnéis ar an bpobal	10
3.3	Seirbhísí a sholáthar	10
3.4	Cumas Gaeilge Óglaigh na hÉireann a fheabhsú	12
<b>Caibidil 4</b>	<b>Maoirsiú agus athbhreithniú</b>	<b>14</b>
<b>Caibidil 5</b>	<b>An scéim atá comhaontaithe a phoibliú agus a chur chun cinn</b>	<b>15</b>

---

## CONTENTS

<b>Chapter 1</b>	<b>Background</b>	<b>2</b>
1.1	Introduction	2
1.2	Review of the operation of the second scheme	2
1.3	Objective of the third scheme	3
1.4	Commencement Date	3
<b>Chapter 2</b>	<b>Overview of Óglaigh na hÉireann</b>	<b>4</b>
2.1	Mission	4
2.2	Roles	4
2.3	Óglaigh na hÉireann – functions	4
2.4	Customers	6
2.5	Summary of existing bilingual services	6
2.6	Irish language policy	7
<b>Chapter 3</b>	<b>Review of Irish language services and improvements planned for 2014-2017</b>	<b>9</b>
3.1	Points of contact with the public	9
3.2	Means of dissemination of information to the public	10
3.3	Delivery of services	10
3.4	Improving Óglaigh na hÉireann's Irish language capability	12
<b>Chapter 4</b>	<b>Supervision and review</b>	<b>14</b>
<b>Chapter 5</b>	<b>Publicising and promoting the agreed scheme</b>	<b>15</b>



## **Caibidil 1 - Cúlra**

### **1.1 Réamhrá**

Rinneadh an chéad Scéim Teanga de chuid Óglaigh na hÉireann don tréimhse 2006-2009 a ullmhú de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus tháinig sí i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2006. Tháinig an dara Scéim Teanga de chuid Óglaigh na hÉireann, don tréimhse 2010-2013, i bhfeidhm an 22 Nollaig 2010. Is í seo an tríú scéim atá ullmhaithe ag Óglaigh na hÉireann faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Faoi Alt 13 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, d'fhoilsigh Óglaigh na hÉireann fógraí sna meáin leictreonacha agus sna meáin chlóite an 29 agus an 30 Lúnasa 2013 chun tuairimí faoin dréacht-scéim a iarraidh ar aon pháirtí seachtrach. Fuarthas aighneachtaí ó eagraíochtaí lasmuigh d'Óglaigh na hÉireann agus cuireadh na haighneachtaí sin san áireamh le linn an tríú scéim a ullmhú. Chuathas i gcomhairle le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann freisin agus tá léiriú ar a gcuid tuairimí le fáil sa scéim freisin.

### **1.2 Athbhreithniú ar Oibriú an Dara Scéim don tréimhse 2010-2013**

Bhí tuilleadh dúshlán le sárú ag Óglaigh na hÉireann le linn an dara Scéim Teanga a chur i bhfeidhm, go háirithe i dtaca le cultúr ar dá réir a chomhlíontar oibleagáidí Gaeilge a neartú laistigh den eagraíocht. Tharla an cur i bhfeidhm sin i gcomhthéacs ina raibh laghdú ag teacht ar na hacmhainní laghdaitheacha, ina raibh atheagrú á dhéanamh ar na Buan-Óglaigh agus ar na hÓglaigh Chúltaca, agus ina raibh tuilleadh beairicí á ndúnadh (rud a d'fhág nach raibh aon lárionad ag Óglaigh na hÉireann i gceantar Gaeltachta). D'fhoilsigh Óglaigh na hÉireann beartas Gaeilge sa bhliain 2004 agus faoi Acht 2003, d'fhoilsigh siad

---

## **Chapter 1 - Background**

### **1.1 Introduction**

Óglaigh na hÉireann's first Irish Language Scheme 2006-2009, prepared in accordance with Section 11 of the Official Languages Act 2003 came into effect on 01 September 2006. Óglaigh na hÉireann's second Language Scheme 2010-2013 came into effect on 22 December 2010. This is the third scheme prepared by Óglaigh na hÉireann under the Official Languages Act 2003.

Óglaigh na hÉireann published notices in the electronic and print media on the 29th and 30th August 2013 under Section 13 of the Official Languages Act 2003 inviting observations on the draft scheme from any external party. Submissions were received from organisations outside of Óglaigh na hÉireann and these were taken into account in the preparation of the third scheme. Members of Óglaigh na hÉireann were also consulted and their recommendations were reflected in the scheme.

### **1.2 Review of the Operation of the Second Scheme 2010-2013**

The implementation of the second Irish Language Scheme posed further challenges for Óglaigh na hÉireann, in particular, building a culture of implementation of Irish language obligations within the Organisation. Implementation was set against a background of a shrinking financial envelope, a reorganisation of the Permanent and Reserve Defence Forces, and further barrack closures (which resulted in Óglaigh na hÉireann having no installation in a Gaeltacht area). Óglaigh na hÉireann published an Irish language policy in 2004 and a comprehensive first Irish Language Scheme in 2006 under the

an chéad Scéim chuimsitheach Gaeilge sa bhliain 2006. I Scéim 2006, leagadh amach an bonn don dara scéim (2010-2013) agus cinntíodh go leanfaí de na hoibleagáidí a liostáladh sa chéad scéim a chur i bhfeidhm faoin dara scéim agus go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn i ndáil leis na hoibleagáidí sin. Baineadh an méid sin amach trí na seirbhísí seo a leanas a fhorbairt tuilleadh:

- § Feabhsúcháin maidir le láithreán gréasáin Óglaigh na hÉireann [www.mileata.ie](http://www.mileata.ie), [www.military.ie](http://www.military.ie)
- § Méadú ar an líon Foirmeacha Airm atá ar fáil go dátheangach.
- § An Cárta Aitheantais dátheangach a chur i gcrích.
- § Caighdeánú na gcomharthaí dátheangacha i ngach lárionad míleata.
- § Caighdeánú stáiseanóireacht dhátheangach.
- § Rochtain ar chúrsaí Gaeilge a leathnú.

Ina theannta sin, d'oibrigh Óglaigh na hÉireann go dlúth le hoifigigh de chuid oifig an Choimisinéara Teanga chun a chinntiú go ndéanfaí saincheisteanna a bhain le neamhchomhlíonadh a chur in iúl don fhoireann agus go dtabharfaí aghaidh orthu ionas nach dtarlódh an neamhchomhlíonadh arís.

### 1.3 Cuspóirí an Tríú Scéim

Is é is cuspóir don tríú scéim seo ná cur leis an dul chun cinn atá déanta maidir le seirbhísí a sholáthar don phobal trí mheán na Gaeilge agus go dátheangach, agus aird á tabhairt ar cad atá réalaíoch sna trí bliana atá romhainn i dtaca lenár n-acmhainní agus lenár gcumas. Tar éis mór-iarrachta chun seirbhísí dátheangacha a shainathint agus a sholáthar le linn théarma an chéad dá scéim, rud a chinntigh go raibh téarmaí agus meon Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 á gcomhlíonadh, díríonn an tríú scéim ar mhéadú a dhéanamh ar an bhfeasacht faoin nGaeilge agus ar spreagadh a thabhairt i leith úsáid na Gaeilge

---

2003 Act. The 2006 scheme laid the foundation for and ensured that the second scheme (2010-2013) was a continuation of the implementation of obligations listed in the first scheme and building on those obligations. This was done through further developing the following services:

- § Improvements to Óglaigh na hÉireann's website [www.mileata.ie](http://www.mileata.ie), [www.military.ie](http://www.military.ie)
- § An increase in the number of Army Forms available bilingually.
- § The completion of the introduction of the bilingual Identification Card.
- § The standardisation of bilingual signage in all military installations.
- § The standardisation of all bilingual stationary.
- § The broadening of access to Irish language courses.

Óglaigh na hÉireann also worked closely with officials from the office of An Coimisinéir Teanga to ensure that issues of non-compliance were brought to staff's attention and addressed, with a view to avoid recurrence.

### 1.3 Objective of the Third Scheme

The objective of this third scheme is to build on the progress made in providing services to the public through the medium of Irish and bilingually, taking into account of what is realistic over the next three years within means and capabilities. Following a concentrated effort to identify and provide services bilingually over the course of the first two schemes, thus ensuring compliance with the terms and spirit of the Official Languages Act 2003, the focus of the third scheme is on increasing Irish language awareness and encouraging Irish language use within Óglaigh na hÉireann. It is envisaged that this focus will ultimately improve the provision of bilingual services to the public.





laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Samhlaítear gurb é a leanfaidh as sin sa deireadh ná feabhas ar sholáthar seirbhísí dátheangacha don phobal.

#### **1.4 Dáta Tosaithe**

Tá an scéim seo ceadaithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosóidh an scéim le héifeacht ó 21 Aibreán 2014 agus fanfaidh sí i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go ndéanfaidh an tAire scéim nua a dhaingniú de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

---

#### **1.4 Commencement Date**

This scheme has been approved by the Minister for Arts, Heritage and the Gaeltacht. The scheme will commence with effect from 21 April 2014 and shall remain in force for a period of 3 years from this date or until a new scheme has been confirmed by the Minister pursuant to Section 15 of the Act, whichever is later.

## Caibidil 2 - Forléargas ar Óglaigh na hÉireann

### 2.1 Misean

Is mar a leanas atá misean Óglaigh na hÉireann:

*'soláthar do chosaint mhíleata an Stáit, cur le síocháin agus slándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gach ról eile a shannann an Rialtas a chomhlíonadh'*

### 2.2 Róil

Is iad seo a leanas na róil atá sannta ag an Rialtas:

- § An Stát a chosaint ar fhogha armtha; ó tharla gur éileamh teagmhasachta é seo braithfidh ullmhúcháin dá fheidhmiú ar mheastóireacht leanúnach an Rialtais ar bhagairtí.
- § Cuidiú don Chumhacht Shibhialta (a chiallaíonn i gcleachtas cuidiú, nuair a éilítear sin, leis an nGarda Síochána, a bhfuil an príomhfhreagracht orthu i dtaca le dlí agus cirt, lena n-áirítear slándáil inmheánach an Stáit).
- § A bheith rannpháirteach i dtacaíocht síochána ilnáisiúnta, i mbainistíocht ghéarchéime agus in oibríochtaí faoisimh dhaonna mar thacaíocht do na Náisiúin Aontaithe agus faoi shainordú na Náisiún Aontaithe lena n-áirítear misin slándála réigiúnacha atá údaraithe ag na Náisiúin Aontaithe.
- § Seirbhís chosanta iascach a chur ar fáil de réir oibleagáidí an Stáit mar bhall den Aontas Eorpach.

<sup>1</sup> *Ráiteas Straitéise 2011-2014: An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann*

## Chapter 2 - Overview of Óglaigh na hÉireann

### 2.1 Mission

The mission of Óglaigh na hÉireann is:

*'to provide for the military defence of the State, contribute to national and international peace and security and fulfil all other roles assigned by Government'*

### 2.2 Roles

The roles assigned by Government are:

- § To defend the State against armed aggression; this being a contingency, preparations for its implementation will depend on an ongoing Government assessment of threats.
- § To aid the Civil Power (meaning in practice to assist, when requested, An Garda Síochána, who have primary responsibility for law and order, including the protection of the internal security of the State).
- § To participate in multinational peace support, crisis management and humanitarian relief operations in support of the United Nations and under UN mandate, including regional security missions authorised by the UN.
- § To provide a fishery protection service in accordance with the State's obligations as a member of the European Union.

<sup>1</sup> *Strategy Statement 2011-2014: Department of Defence and Defence Forces*





Š Gach dualgas eile den sórt a chur i gcrích de réir mar a bheidh siad sannta ó am go ham m.sh. cuardach agus tarrtháil, seirbhís aer-otharchairr, seirbhís aeriompair aireachta, cúnamh le linn ócáidí tubaisteacha nádúrtha nó eile, cúnamh maidir le seirbhísí riachtanacha a chothabháil, cúnamh maidir le truailliú ola a stopadh ar muir.

### **2.3 Óglaigh na hÉireann - Feidhmeanna**

Cuimsíonn na Buan-Óglaigh (PDF) an tArm, an tAer-Chór agus an tSeirbhís Chabhlaigh. Cuimsíonn na hÓglaigh Chúltaca Cúltaca an Airm agus Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh.

#### **2.3.1 An tArm**

Soláthraíonn an tArm an chomhchuid talún d'acmhainní cosanta an Stáit. Faoi láthair, soláthraíonn an tArm an acmhainneacht mhíleata inghluaiste i gcomhair tacaíochta síochána thar lear, i gcomhair bainistíochta géarchéime agus i gcomhair oibríochtaí daonnúla agus cúnamh le fáil ó phearsanra san Aer-Chór agus sa tSeirbhís Chabhlaigh. Ó lá go lá, soláthraíonn an tArm raon leathan aschur oibríochtúla. Ina measc sin, áirítear gníomhaíochtaí chun tacú leis an nGarda Síochána amhail tionlacan airgid, tionlacan príosúnach, diúscairt ordanáis phléascaigh agus slándáil phríosúin. Téann an tArm i mbun tascanna freisin chun tacú leis na húdaráis shibhialta amhail cúnamh a sholáthar le linn géarchéimeanna drochaimsire agus is cuid dhilis é de ghníomhartha an Stáit le linn cuid mhór teagmhas.

---

Š To carry out such other duties as may be assigned from time to time e.g. search and rescue, air ambulance service, ministerial air transport service, assistance on the occasion of natural or other disasters, assistance in connection with the maintenance of essential services, assistance in combating oil pollution at sea.

### **2.3 Óglaigh na hÉireann - Functions**

The Permanent Defence Forces (PDF) consist of the Army, the Air Corps and the Naval Service. The Reserve Defence Forces consists of the Army Reserve and the Naval Service Reserve

#### **2.3.1 Army**

The Army provides the land component of the State's defence capabilities. The Army currently provides the deployable military capabilities for overseas peace support, crisis management and humanitarian operations augmented by personnel from the Air Corps and Naval Service. On a day-to-day basis the Army provides a broad range of operational outputs. These include activities in support of An Garda Síochána such as providing cash escorts, prisoner escorts, explosive ordnance disposal and prison security. The Army also undertake tasks in support of the civil authorities such as the provision of assistance in severe weather crises and is an integral part of the State's response to many contingencies.

### **2.3.2. An tAer-Chór**

Is é an tAer-Chór an chomhchuid aeir d'Óglaigh na hÉireann agus, sa cháil sin, soláthraíonn sé acmhainn tacaíochta aeir do na comhchodanna eile le linn dóibh a róil a chomhall. Ó lá go lá, téann an tAer-Chór i mbun tacaíochta airm agus patról cosanta iascach, soláthraíonn sé Seirbhís aeriompair aireachta agus oibríonn sé seirbhís aer-otharchairr. Is minic a théann an tAer-Chór i mbun tascanna amhail aerchosaint a sholáthar d'oibríochtaí airgid faoi bhealach agus píolótaí agus tacaíocht theicniúil a sholáthar d'Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána. De bhreis air sin, téann an tAer-Chór i mbun oibríochtaí chun tacú leis na húdaráis shibhialta.

### **2.3.3. An tSeirbhís Chabhlaigh**

Soláthraíonn an tSeirbhís Chabhlaigh an chomhchuid mhuirí d'acmhainní cosanta an Stáit. Is í príomhghníomhaireacht farraige an Stáit í agus tá raon leathan ról le comhall aici. Ó lá go lá, bíonn ilchúraimí le cur i gcrích le linn na ngnáthphatról agus áirítear iontu slándáil, sábháilteacht agus faireachas, slándáil chalafoirt, cosaint iascach, toirmeasc drugaí, rialú truailithe agus cuardach agus tarrtháil. Is é an Lárionad Faireacháin Iascach sa Bhunáit Chabhlaigh an lárionad náisiúnta ainmnithe ar a bhfuil freagracht as faireachán a dhéanamh ar gach gníomhaíocht iascaireachta laistigh de theorainneacha eisiacha iascaigh na hÉireann agus ar gach soitheach iascaireachta Éireannach atá ag oibriú ar fud an domhain. Ina theannta sin, tá an tSeirbhís Chabhlaigh ina comhpháirtí sa Choláiste Náisiúnta Muirí agus sa Champas Taighde Fuinnimh Muirí agus Cnuasach Tráchtála (MERC) i gCorcaigh. De bhreis air sin, tá misin soláthair agus taiscéalaíochta curtha i gcrích uaireanta ag soithí de chuid na Seirbhíse Cabhlaigh chun tacú le hoibríochtaí tacaíochta síochána thar lear agus tá páirt glactha acu uaireanta i gcuairteanna coigríche chun tacú le gníomhaíochtaí trádála agus taidhleoireachta na hÉireann.

### **2.3.2. Air Corps**

As the air component of the Óglaigh na hÉireann, the Air Corps provides air support capabilities to the other components in carrying out their roles. On a day-to-day basis the Air Corps undertakes army support, fishery protection patrols, provides a ministerial air transport service and operates an air ambulance service. The Air Corps routinely undertake tasks such as providing air cover for cash in transit operations and providing pilots and technical support for the Garda Air Support Unit. In addition, the Air Corps undertakes approved operations in support of the civil authorities.

### **2.3.3. Naval Service**

The Naval Service provides the maritime component of the State's defence capabilities. It is the State's principal sea-going agency and is tasked with a broad range of roles. On a day to day basis, routine patrols are multi-tasked to encompass security, safety and surveillance, port security, fishery protection, drug interdiction, pollution control and search and rescue. The Fisheries Monitoring Centre at the Naval Base is the designated national centre with responsibility for monitoring all fishing activity within the Irish exclusive fishery limits and all Irish fishing vessels operating around the world. The Naval Service is also a partner at the National Maritime College and the Maritime Energy Research Campus and Commercial Cluster (MERC) at Cork. In addition, Naval Service vessels have, on occasion, undertaken supply and reconnaissance missions in support of overseas peace support operations and participated in foreign visits in support of Irish trade and diplomacy.





### 2.3.4 Na hÓglaigh Chúltaca

Cuimsíonn na hÓglaigh Chúltaca (RDF) an Cúltaca Céad Líne, Cúltaca an Airm agus Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh. Rannchuidíonn an RDF le cumas cosanta na hÉireann trí chumas a sholáthar chun cur le méid an PDF i gcás ina dtarlaíonn mór-ghéarchéim. Faigheann Cúltaca an Airm agus Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh oiliúint mar ullmhúchán chun cabhrú leis na Buan-Óglaigh nuair is gá sin.

### 2.4 Custaiméirí

I bhfianaise an chineáil gníomhaíochtaí a ngabhaimid dóibh, ní sholáthraíonn Óglaigh na hÉireann seirbhísí do ‘custaiméirí’ seachtracha sa ghnáthshlí. Mar shampla, níl aon oifigí poiblí, cuntair phoiblí ná glao-ionaid ann inar féidir le saoránaigh ar leithligh seirbhísí a iarraidh. Le fírinne, déantar seirbhísí a sholáthar don phobal ina iomláine de ghnáth seachas do shaoránaigh mar dhaoine aonair.<sup>2</sup>

### 2.5. Achoimre ar Sheirbhísí Dátheangacha Láithreacha

Tá Cuid III d’Acht na dTeangacha 2003 á comhlíonadh go hiomlán ag Óglaigh na hÉireann agus tá scéimeanna teanga foilsithe do na tréimhsí 2006-2009 agus 2010-2013. Is iad seo a leanas na seirbhísí a sholáthraítear faoi na scéimeanna:

- § Déantar gach mórthuarascáil agus gach ráiteas straitéise a fhoilsiú, i gcomhar leis an Roinn Cosanta, i nGaeilge agus i mBéarla.
- § Tá foirmeacha Óglaigh na hÉireann (AF-anna) a bhaineann le hiarratais phearsanta nó le hiarratais ar leithligh ar fáil i bhformáid dhátheangach agus faoi aon chlúdach amháin.
- § Tá láithreán gréasáin Óglaigh na hÉireann ar fáil go hiomlán i bhfoirm dhátheangach.

<sup>2</sup> *Plean Gnímh Seirbhíse Custaiméirí 2013-2015 na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann*

### 2.3.4 Reserve Defence Forces

The Reserve Defences Forces (RDF) consists of the First Line Reserve, the Army Reserve and the Naval Service Reserve. The RDF contributes to Ireland’s defence capability by providing a capacity to augment the PDF in the event of a major crisis. The Army Reserve and Naval Service Reserve undertake training in preparation to assist the Permanent Defence Force when required.

### 2.4 Customers

Given the nature of the activities we are engaged in Óglaigh na hÉireann does not provide services to external ‘customers’ in the classic sense. For example, there are no public offices, public counters or call-centres where the individual citizen can request services on demand. Indeed, services are typically provided to the community collectively rather than to citizens as individuals<sup>2</sup>.

### 2.5. Summary of Existing Bilingual Services

Óglaigh na hÉireann is fully compliant with Part III of the Official Languages Act 2003, publishing language schemes for the periods 2006-2009, and 2010-2013. The services provided under the schemes are:

- § All major reports and strategy statements, in concert with the Department of Defence, are published in Irish and English.
- § Óglaigh na hÉireann’s forms (AFs) pertaining to personal or individual applications are available in bilingual format and under one cover.
- § The Óglaigh na hÉireann website is fully available in bilingual form.

<sup>2</sup> *Department of Defence and Defence Forces Customer Service Action Plan 2013-2015*

- § Déantar na fógraín go léir a bhaineann le gairmeacha in Óglaigh na hÉireann a fhoilsiú go dátheangach.
- § Eisítear preasráitis go dátheangach.
- § Tá cainteoirí inniúla Gaeilge ar fáil i ngach Brainse chun déileáil le haon iarratais inmheánacha nó seachtracha a dhéantar trí mheán na Gaeilge.
- § Cuirtear maoiniúchán ar fáil le gur féidir le daoine áirithe den fhoireann cúrsaí dioplóma Gaeilge a dhéanamh i gcoláistí aitheanta tríú leibhéal.
- § Tá na comharthaí ar fad á n-athrú de réir a chéile ó leagan Béarla amháin go formáid dhátheangach. Thairis sin, déantar formáid dhátheangach a úsáid anois ar an stáiseanóireacht ar fad agus sa séanadh a ghabhann le teachtaireachtaí ríomhphoist.
- § Déantar léachtaí ar fheasacht faoin nGaeilge a sholáthar mar chuid de gach cúrsa gairme
- § Tá uasghrádú déanta ar an gCárta Aitheantais pearsanta agus tá sé ar fáil i bhformáid dhátheangach.
- § Rinneadh an foclóir Míleata Béarla-Gaeilge a uasghrádú agus a eisiúint sa bhliain 2006.
- § Tá leathanach Gaeilge ar fáil ar Inlíon Óglaigh na hÉireann. Ar an leathanach sin, faightear mionsonraí teagmhála chomhaltaí na Comhairle Gaeilge, ceachtanna Gaeilge agus an foclóir míleata Béarla-Gaeilge.

De ghnáth, is tríd an bPreasoifig agus tríd an Oifigeach Earcaíochta agus Comórtas a dhéanann daoine den phobal teagmháil le hÓglaigh na hÉireann maidir le nithe míleata. Tá Óglaigh na hÉireann tiomanta i leith seirbhísí a sholáthar i nGaeilge agus spreagadh a thabhairt i ndáil le húsáid na Gaeilge laistigh den eagraíocht agus le linn dúinn déileáil lenár gcuid custaiméirí seachtracha.

- 
- § All advertisements for careers in Óglaigh na hÉireann are published bilingually.
  - § Press releases are issued bilingually.
  - § Designated competent Irish speakers are available in each Branch to deal with any internal or external requests made through the medium of Irish.
  - § Selected personnel are funded to undergo Irish Language diploma courses in recognised third level colleges.
  - § All signage is being incrementally changed from English only to a bilingual format. Furthermore, a bilingual format is now used on all stationary and e-mail disclaimers.
  - § Irish language awareness lectures are provided on all career courses
  - § The personal ID Card has been upgraded and is in a bilingual format.
  - § The English –Irish Military dictionary was upgraded and issued in 2006.
  - § An Irish language page is available on the Óglaigh na hÉireann Intranet. This page contains contact details of members of An Chomhairle Gaeilge, Irish language lessons and the English-Irish language military dictionary.

The public normally contact Óglaigh na hÉireann on military matters through its Press Office and its Recruitment and Competitions Office. Óglaigh na hÉireann is dedicated to providing services through Irish and encouraging the use of Irish both within the organisation and in dealing with our external customers.





## **2.6 Beartas maidir leis an nGaeilge**

Faoi Airteagal 8 den Bhunreacht is í an Ghaeilge príomhtheanga oifigiúil an Stáit agus tá áit ar leith aici laistigh d'Óglaigh na hÉireann. I Straitéis 20 Bliain an Rialtais maidir leis an nGaeilge 2010-2030, déantar an méid seo a leanas a lua i leith hÓglaigh na hÉireann: 'Ní mór stádas na Gaeilge ... sna Fórsaí Cosanta a chothabháil agus a fhorbairt, toisc tábhacht shiombalach na bhfórsaí sin sa saol náisiúnta agus toisc na seirbhísí a sholáthraíonn siadsan ... don phobal'. Bhí an cuspóir seo a leanas san áireamh i Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge sa bhliain 2006: 'Leanfar agus déanfar forbairt ar úsáid na Gaeilge ... sna Fórsaí Cosanta'. Faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí agus go háirithe i gcomhthéacs na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, tá ról ag Óglaigh na hÉireann maidir le beartas dátheangachais an Rialtais a chur chun cinn agus maidir lena chinntiú go bhfuil a gcuid ionadaithe in ann seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Maidir le forálacha an Acta, foilsíonn Óglaigh na hÉireann agus an Roinn Cosanta Scéimeanna ar leith. Ós rud é go bhfuil sé mar pholasáí ag Óglaigh na hÉireann agus ag an Roinn Cosanta seirbhísí ardchaighdeanacha a sholáthar i nGaeilge nó go dhátheangach, treiseófar an comhoibriú eadarainn i leith na Gaeilge.

### **2.6.1 Treoir Riaracháin Inmheánach**

I mí na Samhna 2004 d'fhoilsigh Óglaigh na hÉireann Treoir Riaracháin A8, Caibidil 5, Beartas maidir leis na Teangacha Oifigiúla. Is é is aidhm don Treoir sin ná a chinntiú go gcomhallann an eagraíocht a cuid oibleagáidí faoi théarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus go gcloíonn sí le prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (comhionannas maidir leis na Teangacha Oifigiúla) de réir mar atá leagtha amach ag an Rialtas faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí.

---

## **2.6 Irish Language Policy**

The Irish language is the first official language of the State under Article 8 of the Constitution and is highly regarded within Óglaigh na hÉireann. In respect of Óglaigh na hÉireann, the Government 20 Year Strategy in respect of the Irish language 2010-2030 states, 'the maintenance and development of the Irish language is important both because of the symbolic importance of the Forces in our national life and the services they provide to the community'. In the Government Statement on the Irish language in 2006 the following objective was included, 'The use of the Irish language by Óglaigh na hÉireann will be continued and developed'. Under the Strategic Management Initiative and particularly in the context of the Quality Customer Service, Óglaigh na hÉireann has a role to play in promoting the bilingual policy of the Government and ensuring that that its representatives are capable of providing a high standard of services through the medium of Irish. In relation to obligations under the Act, Óglaigh na hÉireann and the Department of Defence publish separate schemes. As it is the policy of Óglaigh na hÉireann and the Department of Defence to provide services of high standard in Irish or bi-lingually, co-operation in this regard will be enhanced.

### **2.6.1 Internal Administrative Instruction**

In November 2004 Óglaigh na hÉireann published Administrative Instruction A8 Chapter 5, Official Languages Policy. The aim of the Instruction is to ensure that the organisation fulfils its obligations under the terms of the Official Languages Act 2003 and that it abides by the principals of the Quality Customer Service (Official Languages equality) as set out by the Government under the Strategic Management Initiative.

### **2.6.2 An Chomhairle Gaeilge**

Rinneadh an Chomhairle Gaeilge a bhunú faoi Mhír 202 de Threoir Riaracháin A8, Caibidil 5. Tá sí freagrach as gach ní a bhaineann leis an nGaeilge agus le cultúr na hÉireann agus tá sé de chúram uirthi comhairle a thabhairt don Cheann Foirne dá réir sin. Cuimsíonn an Chomhairle Gaeilge ionadaithe ó Cheanncheathrú Óglaigh na hÉireann, ó gach Briogáid, ó Ionad Oiliúna Óglaigh na hÉireann, ón Aer-Chór agus ón tSeirbhís Chabhlaigh. Is é nó í an tOifigeach a shealbhaíonn an ceapachán mar Oifigeach Sinsearach Gaeilge in Óglaigh na hÉireann a ghníomhaíonn mar Chathaoirleach ar an gComhairle.



---

### **2.6.2 An Chomhairle Gaeilge**

An Chomhairle Gaeilge was established under Para 202 of Administrative Instruction A8 Chapter 5. It is responsible for all matters pertaining to the Irish language and Irish culture and must advise the Chief of Staff accordingly. An Chomhairle Gaeilge is comprised of representatives from Defence Forces Headquarters, each Brigade, Defence Forces Training Centre, the Air Corps and the Naval Service. The Officer holding the appointment of Senior Irish Language Officer within Óglaigh na hÉireann acts as Chairman.





## Caibidil 3 – Athbheithníú ar Sheirbhísí Gaeilge agus Feabhsúcháin atá Beartaithe don tréimhse 2014-2017

Leanfaidh Óglaigh na hÉireann de bheith ag cloí leis na gealltanais go léir a tugadh i scéimeanna roimhe seo.

Is é atá i mbeartas Óglaigh na hÉireann ná seirbhísí ardleibhéil a sholáthar dá gcuid custaiméirí i nGaeilge nó go dátheangach. De ghnáth, ní sholáthraíonn Óglaigh na hÉireann seirbhísí go díreach don phobal. Dá bhrí sin, sa tríú scéim seo, leagfar an bhéim ar fheabhas a chur ar sheirbhísí a sholáthraítear dá gcustaiméirí inmheánacha. Sa tslí sin, cinnteofar go mbeidh an eagraíocht i riocht níos fearr chun seirbhísí dátheangacha a sholáthar do dhaoine den phobal, sa teanga a roghnaíonn an custaiméir, más gá a leithéid a dhéanamh. Sa chaibidil seo, leagtar amach na pleananna agus na gníomhaíochtaí a sholáthraíodh an eagraíocht sna trí bliana atá romhainn chun cur leis an dul chun cinn atá déanta le linn ré na scéimeanna a bhí ann roimhe seo.

### 3.1. Pointí Teagmhála leis an bPobal

I gcomhréir leis an gcleachtas faoi Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS), leanfar de dheimhin a dhéanamh den mhéid seo a leanas i dtaca le gach oibreoir lasc-chláir i ngach suíomh míleata ar leith:

- § Go dtabharfar ainm an tsuímh i nGaeilge agus i mBéarla.
- § Go mbeidh eolas acu ar na bunbheannachtaí i nGaeilge.
- § Go mbeidh siad in ann an custaiméir a chur i dteagmháil láithreach leis an oifig atá freagrach as an tseirbhís atá le soláthar trí mheán na Gaeilge.

---

## Chapter 3 - Review of the Irish Language Services and Improvements Planned for 2014-2017

Óglaigh na hÉireann will continue to adhere to all commitments made in previous schemes.

It is the policy of Óglaigh na hÉireann to provide a high level of services to its customers in Irish or bilingually. Generally Óglaigh na hÉireann does not provide services directly to the public. Therefore, the emphasis in this third scheme will be on improving services to its internal customers. This will ensure that the organisation is in a better position to provide bilingual services to members of the public, in the language of the customer's choosing, should the need arise. This chapter sets out the plans and activities that the organisation will provide over the next three years to build on the progress made during the life of the previous schemes.

### 3.1. Points of Contact with the Public

In line with the practice of Quality Customer Service (QCS) we will continue to ensure that switchboard operators in each military post will:

- § Give the location of the post in Irish and in English.
- § Be familiar with the basic greetings in Irish.
- § Be in a position to put the customer in contact immediately with the office responsible for the service to be delivered through the medium of Irish.

The practice of placing an organisational chart in all units of Óglaigh na hÉireann, containing the name

Leanfar den chleachtas, dá réir, cairt eagrúcháin a bheith i ngach aonad de chuid Óglaigh na hÉireann, ar cairt í ina bhfuil ainm agus uimhir theagmhála na ndaoine den fhoireann atá inniúil chun seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. **[Le héifeacht ó thosach na scéime nua].**

### **3.1.1 Achoimre ar na hAonaid a mbíonn Teagmháil Dhíreach acu leis an bPobal**

Leanfaidh na haonaid seo a leanas de dhuine amháin ar a laghad a bheith acu atá in ann déileáil go héifeachtach le custaiméirí seachtracha trí mheán na Gaeilge:

- § An Brainse Pleanála Straitéisí.
- § An Brainse Caidreamh Poiblí.
- § An Oifig um Earcaíocht agus Comórtais.
- § An Rannóg um Shaoráil Faisnéise.
- § Stiúrthóireachtaí Cóir.
- § Oifigí Daonchumhachta Briogáide.
- § Preas-Oifigí Briogáide.
- § An tSeirbhís Chabhlaigh.
- § An tAer-Chór.

Sa chás nach bhfuil fáil ar dhuine atá inniúil sa Ghaeilge in oifig nó Seirbhís (thuasluaite), tá córas i bhfeidhm inar féidir leis an oifig teagmháil a dhéanamh le Comhairle na Gaeilge, Óglaigh na hÉireann chun seirbhís a chur ar fail, más gá.

---

and contact number of personnel who are competent to provide services through Irish will be continued. **[From the commencement of the new scheme].**

### **3.1.1 Summary of Units in Direct Communication with the Public**

The following units will continue to have at least one member of staff capable of dealing effectively with external customers through the medium of Irish:

- § The Strategic Planning Branch.
- § Public Relations Branch.
- § Recruitment and Competitions Office.
- § Freedom of Information Section.
- § Corps Directorates.
- § Brigade Manpower Offices.
- § Brigade Press Offices.
- § Naval Service.
- § Air Corps.

Where a member of staff in any of these offices, Branches or Services is unavailable to provide a service in Irish, 'An Chomhairle Gaeilge, Óglaigh na hÉireann' may be contacted to provide the requisite level of service.





### 3.2 Na Modhanna ina Scaiptear Faisnéis ar an bPobal

Is mar a leanas go formhór a dhéanann Óglaigh na hÉireann cumarsáid leis an bpobal:

- § Doiciméid a fhoilsiú mar thoradh díreach ar oibleagáidí a éiríonn as reachtaíocht atá achtaithe (Tuarascálacha Bliantúla, Plean Gníomhaíochta maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí agus araile).
- § Feachtais earcaíochta (Teilifís, raidió agus nuachtáin).
- § Preasráitis.
- § Comhfhreagras i scríbhinn.
- § Bróisiúir agus bileoga faisnéise.
- § An láithreán gréasáin.
- § Laethanta oscailte.
- § Freastal ar imeachtaí áitiúla.

### 3.3 Seirbhísí a Sholáthar

Leanfaidh Óglaigh na hÉireann de na seirbhísí seo a leanas a sholáthar i nGaeilge nó go dátheangach:

#### 3.3.1 Foirmeacha Iarratais

Leanfar d'fhoirmeacha a bhaineann le hiarratais phearsanta nó le hiarratais ar leithligh, cibé acu custaiméirí inmheánacha nó custaiméirí seachtracha atá i gceist, a sholáthar i bhfoirm dhátheangach faoi aon chlúdach amháin le haghaidh roinnt scéimeanna. Le linn ré an tríú scéim, déanfar na foirmeacha seo a leanas a chur ar fáil i bhfoirm dhátheangach:

- a. Foirmeacha AF 642 (Iarratas ar Leanúint sa tSeirbhís tar éis 21 bhliain) agus AF 235 (Moladh maidir le hardú céime chuig céim Ceannaire nó Mairnéalaigh Ceannais). **[Lena chur i bhfeidhm]**

---

### 3.2 Means of Dissemination of Information to the Public

Óglaigh na hÉireann communicate with the public principally through:

- § Publication of documents as a direct consequence of obligations arising under enacted legislation (Annual Reports, Customer Services Action Plan etc.).
- § Recruitment campaigns (TV, radio and press).
- § Press Releases.
- § Written correspondence.
- § Brochures and information leaflets.
- § Web site.
- § Open days.
- § Attendance at local events.

### 3.3 Delivery of Services

Óglaigh na hÉireann will continue to deliver the following services in Irish only or bilingually:

#### 3.3.1 Application Forms

Forms that relate to personal or individual applications whether for internal or external customers will continue to be provided in bilingual form under single cover over several schemes. During the lifetime of the third scheme the following forms will be made available bilingually:

- a. Forms AF 642 (Application for Continuance in Service after 21 years) and AF 235 (Recommendation for the promotion to the rank of Corporal or Leading Seaman). **[To be completed before the end of year one].**

### **roimh dheireadh bhliain a haon].**

- b. Foirmeacha AF 34 (Foirm Iarratais maidir le Bonn Seirbhíse) agus AF 525A (Fógra atá le cur chuig Neasghaol má théann comhalta isteach in ospidéal). **[Lena chur i bhfeidhm roimh dheireadh bhliain a dó].**

#### **3.3.2. Fógraí**

Leanfaidh Óglaigh na hÉireann de bheith ag cinntiú go ndéanfar fógraí a fhoilsítear sna meáin agus gach póstaer agus bileog a úsáidtear de ghnáth a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla. **[Le héifeacht ó thosach na scéime nua].**

#### **3.3.3 Preasráitis**

Leanfar den chleachtas a bunaíodh sa chéad scéim agus ar dá réir a eisítear gach preasráiteas sa dá theanga oifigiúla. Déanfar preasráitis i nGaeilge amháin a eisiúint chuig na meáin Ghaeilge.

#### **3.3.4 Earcaíocht**

Leanfar den fhaisnéis uile a bhaineann le Daltais, Printiseachtaí, earcaíocht Seirbhíse Ginearálta agus Iontráil Dhíreach a fhoilsiú ar líne i bhformáid dhátheangach.

Iarrfar ar iarratasóirí iarratas a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla agus tabharfar deis dóibh agallamh a dhéanamh i nGaeilge amháin más mian leo. **[Le héifeacht ó thosach na scéime nua].**

- 
- b. Forms AF 34 (Service Medal Application form and AF 525A (Notification to be sent to Next-of-Kin on hospital admission). **[To be completed before the end of year two].**

#### **3.3.2 Notices**

Óglaigh na hÉireann will continue to ensure that advertisements published in the media and all commonly used posters and leaflets will be published in Irish and in English. **[From the commencement of the new scheme].**

#### **3.3.3 Press releases**

The practice of issuing every press release in both official languages established in the first scheme will continue. By the end of this scheme, Irish and English press releases will be issued simultaneously; Irish only press releases will be issued to the Irish language media.

#### **3.3.4 Recruitment**

All information pertaining to Cadetship, Apprenticeship, General Service recruitment, and Direct Entry competitions will continue to be published online in bilingual format.

Applicants will be invited to apply in Irish or English and will be given the opportunity to conduct an interview through Irish only should they choose to do so. **[From the commencement of the new scheme].**





### **3.3.5 Seirbhísí ríomhaire, an láithreán gréasáin agus seirbhísí idirghníomhacha**

Is láithreán gréasáin dátheangach é láithreán gréasáin Óglaigh na hÉireann ([www.mileata.ie](http://www.mileata.ie)) ([www.military.ie](http://www.military.ie)). Leanfar de na gealltanais a tugadh i ndáil leis an dara scéim a chomhlíonadh le linn ré na scéime seo. Déanfar an láithreán gréasáin a fhorbairt mar a leanas:

- a. Ar an leathanach baile, tairgfear rogha chun úsáid a bhaint as an leagan Gaeilge nó as an leagan Béarla den láithreán.
- b. I gcás ina n-iarrfar ar úsáideoirí faisnéis a thabhairt ar líne (lena n-áirítear foirmeacha iarratais a bhaineann le comórtais) éascófar dóibh an fhaisnéis sin a thabhairt i nGaeilge nó i mBéarla.
- c. Déanfar seoladh ríomhphoist cineálach ([eolas@mileata.ie](mailto:eolas@mileata.ie)) a chur ar fáil i gcomhair an chomhfhreagrais i nGaeilge.
- d. Tabharfar spreagadh don fhoireann úsáid a bhaint as teachtaireacht dátheangach 'ar shiúl ón oifig'.

**[Le héifeacht ó thosach na scéime nua].**

### **3.3.6 Stáiseanóireacht agus comharthaí**

Leanfar de ghrúpsheoltaí stáiseanóireachta agus de chomharthaí i ngach aonad agus i ngach suíomh a aistriú le linn ré an tríú scéim.

### **3.4 Cumas Gaeilge Óglaigh na hÉireann a fheabhsú.**

Sa tríú scéim seo, leagfar béim ar fheabhas a chur ar chumas Gaeilge agus ar éileamh a spreagadh maidir le seirbhísí Gaeilge laistigh den eagraíocht. Rachfar i mbun na dtionscnamh seo a leanas le linn ré na scéime:

---

### **3.3.5 Computer services, website and interactive services**

The Óglaigh na hÉireann website ([www.mileata.ie](http://www.mileata.ie)) ([www.military.ie](http://www.military.ie)) is bilingual. Commitments made during the second scheme will be continued during the lifetime of this scheme. The website will be developed as follows:

- a. The home page will only offer the choice of accessing the Irish or English version of the site.
- b. Where users are invited to provide information online (including competition application forms) they will be facilitated to do so in Irish or in English.
- c. A generic e-mail address ([eolas@defenceforces.ie](mailto:eolas@defenceforces.ie)) will be made available for all correspondence through the medium of Irish.
- d. Personnel will be encouraged to use a bilingual 'out of office' message.

**[From the commencement of the new scheme].**

### **3.3.6. Stationery and signage**

The translation of stationery address groups and signage in every unit and every location will be continued during the lifetime of the third scheme.

### **3.4 Improving Óglaigh na hÉireann's Irish language capability.**

The focus of this third scheme is on improving Irish language capabilities and stimulating demand for Irish language services within the organisation. The following initiatives will be undertaken during the lifetime of the scheme:

### 3.4.1 Oiliúint agus forbairt

Leanfaidh an Chomhairle Gaeilge d'fhorbairt a dhéanamh ar straitéis bhliantúil chun oiliúint agus oideachas Gaeilge a sholáthar do dhaoine den fhoireann a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge agus dóibh siúd atá freagrach as seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge, de réir mar is gá. Chun tacú leis an bpolasaí, le linn saol-ré na scéime, leanfaidh Comhairle na Gaeilge le folúntais a thairiscint do phearsanra na Roinne Cosanta ar an gCampa Gaeilge i Dún Uí Mhaolíosa, Gaillimh.

### 3.4.2 An Chéad Chathlán Coisithe

Leanfaidh Óglaigh na hÉireann de thacaíocht a thabhairt don Chéad Chathlán Coisithe, agus den Chéad Chathlán Coisithe a chaomhnú, mar aonad labhartha Gaeilge.

### 3.4.3 Suirbhé Gaeilge.

Chun cabhrú le forbairt straitéiseach na Gaeilge, seolfaidh Óglaigh na hÉireann suirbhé i measc na foirne ar fad chun eolas a fháil faoin méid seo a leanas:

- a. An líon cainteoirí dátheangacha.
- b. An líon cainteoirí dátheangacha atá iniúil ar scríobh na Gaeilge.
- c. An líon cainteoirí líofa Gaeilge
- d. An líon daoine den fhoireann ag a bhfuil cáilíochtaí acadúla tríú leibhéal sa Ghaeilge
- e. Éifeachtacht bheartas Gaeilge Óglaigh na hÉireann go dtí seo.

**[Lena chur i bhfeidhm roimh dheireadh bhliain a dó].**

---

### 3.4.1 Training and development

An Chomhairle Gaeilge will continue to develop an annual strategy to provide Irish language training and education to personnel interested in the language and to those who are responsible for delivering services through Irish as required. In support of this policy and within the lifetime of this scheme, Comhairle na Gaeilge will continue to offer places on the Annual Irish Language Training Camp in nDún Uí Mhaoilíosa, Galway to members of the Department of Defence.

### 3.4.2 An Chéad Chathlán Coisithe

Óglaigh na hÉireann will continue to support and preserve An Chéad Chathlán Coisithe as an Irish speaking unit.

### 3.4.3 Irish Language survey.

To assist in the strategic development of the Irish language, Óglaigh na hÉireann will conduct a survey of all personnel to ascertain:

- a. The number of bilingual speakers.
- b. The number of bilingual speakers competent in the writing of the Irish language.
- c. The number of fluent Irish speakers.
- d. The number of personnel with third level academic qualifications in the Irish language.
- e. The effectiveness of Óglaigh na hÉireann's Irish language policy to date.





### 3.4.4 Gréasán Gaeilge

Déanfaidh Óglaigh na hÉireann gréasán Gaeilge a fhorbairt chun úsáid na Gaeilge a chur cun cinn i measc a gcomhaltaí.

**[Lena chur i bhfeidhm roimh dheireadh bhliain a haon].**

### 3.4.5 Leathanach inlín Gaeilge

Déanfaidh Óglaigh na hÉireann leathanach inlín Gaeilge a fhorbairt ar leathanach é a sholáthróidh seirbhísí Gaeilge do gach duine den fhoireann, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- § Foclóir míleata Gaeilge-Béarla.
- § Aistriúcháin ar ainmneacha gach Aonaid agus suímh.
- § Mionsonraí teagmhála don Chomhairle Gaeilge.
- § Ceachtanna Gaeilge.
- § Fógraí faoi imeachtaí Gaeilge.
- § Fóram chun saincheisteanna Gaeilge a phlé.
- § Samplaí de theachtaireachtaí dátheangacha ‘ar shiúl ón oifig’.

**[Lena chur i bhfeidhm roimh dheireadh bhliain a haon].**

### 3.4.6 Seimineár Gaeilge

Déanfaidh Óglaigh na hÉireann seimineár bliantúil Gaeilge a eagrú chun léiriú a thabhairt d’fhoireann Óglaigh na hÉireann ar sheirbhísí Gaeilge agus ar fhorbairtí a bhaineann leis an nGaeilge.

**[Le héifeacht ó thosach na scéime nua].**

### 3.4.4 Irish language network

Óglaigh na hÉireann will develop an Irish language network to promote the use of the Irish language amongst its members.

### 3.4.5 Irish language intranet page

Óglaigh na hÉireann will develop an Irish language intranet page which will provide Irish language services to all personnel, including:

- § The Irish- English military dictionary.
- § Translations of all Units and locations.
- § Contact details of An Chomhairle Gaeilge.
- § Irish language lessons.
- § Notifications of Irish language events.
- § Forum to discuss Irish language issues.
- § Samples of bilingual Irish language ‘out of office’ messages.

### 3.4.6 Irish language seminar

Óglaigh na hÉireann will organise an annual Irish language seminar to showcase services and developments in the Irish language to personnel of Óglaigh na hÉireann.

### 3.4.7 Tionscnaimh

Déanfaidh Óglaigh na hÉireann timpeallacht a chruthú ina spreagfar úsáid na Gaeilge:

- § Trí imeachtaí sóisialta a eagrú.
- § Trí chomharthaí a sholáthar in oifigí á iarraidh ar an bhfoireann a ngnó a sheoladh trí mheán na Gaeilge.
- § Trí shuaitheantais a eisiúint a léiríonn cumas Gaeilge (An 'S').
- § Trí spreagadh a thabhairt do gach Oifigeach agus do gach Oifigeach Neamhchoimisiúnta (ONC) óráidí agus aithisc a thosú agus a chríochnú sa Ghaeilge.

**[Le héifeacht ó thosach na scéime nua].**



---

### 3.4.7 Initiatives

Óglaigh na hÉireann will create an environment that promotes Irish language usage amongst its personnel through:

- § Social events.
- § The provision of signage in offices inviting personnel to conduct their business through the medium of Irish.
- § Issuance of badges denoting Irish language proficiency (An 'S').
- § All Officers and NCOs will be encouraged to commence and terminate speeches and addresses in the Irish language.





## Caibidil 4 – Maoirsiú agus Athbheithniú

- 4.1** Déanfaidh an Chomhairle Gaeilge athbheithniú leanúnach ar oibriú na scéime agus déanfaidh sí measúnacht ar a héifeachtacht ar bhonn bliantúil. Déanfar tuarascáil faoi thorthaí na measúnachtaí sin a chur faoi bhráid an Cheann Foirne.
- 4.2** Beidh ar gach Eagar, Seirbhís agus Brainse na gealltanais atá sa Scéim Ghaeilge seo, agus i Scéimeanna Gaeilge roimhe seo, a léiriú ina gcuid pleananna bliantúla oiliúna/gnó. Ar gach leibhéal, is iad na ceannasaithe go príomha a chuirfidh an fheidhm faireacháin i gcrích.
- 4.3** Déanfaidh an Chomhairle Gaeilge maoirsiú ar chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí atá liostaithe sa Scéim mar a leanas:
- § Measúnacht bhliantúil ar dhul chun cinn maidir leis an scéim.
  - § Faireachán ar thorthaí na mball a fhreastalaíonn ar chúrsaí oideachais.
  - § Scrúdú faoi aon ghearán nó faoi aon mholtaí ó dhaoine den phobal maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge ag Óglaigh na hÉireann.
  - § Measúnacht ar infheictheacht na Gaeilge laistigh den eagraíocht.
  - § Athbheithniú ar an éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge ó dhaoine den phobal agus ó chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann.

---

## Chapter 4 - Supervision and Review.

- 4.1** An Chomhairle Gaeilge will continually review the workings of the scheme and assess its effectiveness on an annual basis. A report on the results of these assessments will be submitted to the Chief of Staff.
- 4.2** Each Formation, Service and Branch will be required to reflect the commitments of this and previous Irish Language Schemes in their annual training/business plans. The day-to-day monitoring function will be carried out primarily by commanders at all levels.
- 4.3** An Chomhairle Gaeilge will supervise the implementation of the obligations listed in the scheme as follows:
- § Annual assessment of the progress of the scheme.
  - § Monitoring of the results of the personnel who attend courses of education.
  - § Examination of any complaint or any recommendation made by members of the public on the subject of the provision of services in Irish by Óglaigh na hÉireann.
  - § Assessment of the visibility of the Irish language within the organisation.
  - § Review the demand for services in Irish from the public and members of Óglaigh na hÉireann.

## Caibidil 5 - An scéim atá ceadaithe a phoibliú agus a chur chun cinn.

- 5.1** Déanfar an scéim seo a chur ar fáil mar a leanas do chomhaltaí Óglaigh na hÉireann agus don phobal i gcoitinne:
- § Scaipfear an scéim i measc gníomhaireachtaí cuí agus comhlachtaí poiblí cuí.
  - § Cuirfear ar taispeánt i go feiceálach ar láithreán gréasáin Óglaigh na hÉireann.
  - § Déanfar tagairt di i gcomh-Ráiteas Straitéise na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann.
- 5.2** Déanfaidh Óglaigh na hÉireann gach iarracht chun infhaighteacht seirbhísí trí Ghaeilge a phoibliú mar a leanas:
- § Fógraí a shuíomh in oifigí poiblí agus ar an láithreán gréasáin á chur in iúl do chustaiméirí go bhfuil seirbhísí ar fáil i nGaeilge.
  - § Fógraí a chur i bhfoilseacháin agus i bhfógraín á rá le custaiméirí go bhfuil seirbhísí ar fáil i nGaeilge agus á rá go bhfáiltítear roimh dhaoine ar mian leo leas a bhaint as na seirbhísí sin.
- 5.3** Rinneadh cóip den scéim seo a chur chuig oifig an Choimisinéara Teanga agus chuig gach duine a thíolaic aighneacht d'Óglaigh na hÉireann le linn an scéim a dhréachtú.
- 5.4** Is é an leagan Gaeilge an bunleagan den scéim seo.

---

## Chapter 5 - Publicising and promoting the approved scheme.

- 5.1** This scheme will be made available to members of Óglaigh na hÉireann and the general public in the following way:
- § The scheme will be circulated to appropriate agencies and public bodies.
  - § It will be prominently displayed on Óglaigh na hÉireann's website.
  - § It will be referred to in the combined Strategy Statement of the Department of Defence and Óglaigh na hÉireann.
- 5.2** Óglaigh na hÉireann will make every effort to publicise the availability of services through Irish by:
- § Placing notices in public offices and on the website informing customers that services through Irish are available.
  - § Placing notices in publications and advertisements informing customers of services through Irish and welcoming those who wish to avail of such services.
- 5.3** A copy of this scheme has been sent to the office of An Coimisinéir Teanga and to all who made submissions to Óglaigh na hÉireann during the drafting of the scheme.
- 5.4** The Irish version of this document is the original version.









